I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

TUAIRIMÍ

COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA

AN 572Ú SEISIÚN IOMLÁNACH DE CHOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA HEORPA, 21.9.2022 – 22.9.2022.

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), fiontair an gheilleagair shóisialta, lucht ceardaíochta agus na gairmeacha liobrálacha – an pacáiste "Oiriúnach do 55"

(Tuairim féintionscnaimh)

(2022/C 486/01)

Rapóirtéir: **Milena ANGELOVA**

Comhrapóirtéir: **Rudolf KOLBE**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20.1.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas…
Dáta a glactha sa rannóg	27.6.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	21.9.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	572
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	143/1/0

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Is cuid ríthábhachtach iad micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide (dá ngairtear MFBManna anseo feasta) den réiteach chun geilleagar AE atá iomaíoch, aeráidneodrach, ciorclach agus cuimsitheach a bhaint amach, bídís ina bhfiontair thraidisiúnta, ina ngnólachtaí teaghlaigh, ina dtrádálaithe, ina bhfiontair gheilleagair shóisialta, ina gceirdeanna nó ina ngairmeacha liobrálacha. Chuige sin, ní mór na dálaí cearta a chruthú agus tús áite a thabhairt dóibh. Cruthaíonn MFBManna tionchar dearfach trína bhfeidhmíocht chomhshaoil féin a fheabhsú agus trí shaineolas agus réitigh a sholáthar d'fhiontair eile, do shaoránaigh agus don earnáil phoiblí. Agus éagsúlacht agus riachtanais éagsúla MFBManna á n-aithint agus á gcur chun suntais aige, tá CESE ag iarraidh go dtabharfaí aird ar leith ar na cinn is lú agus is leochailí.

1.2. Níl dóthain eolais ag roinnt mhaith MFBManna ar na ceanglais reachtacha a bhíonn ag síorathrú, ar bunaíodh iad chun aeráidneodracht a bhaint amach, ná ar conas freagairt dóibh. Ina theannta sin, bíonn deacrachtaí acu sochair agus deiseanna gnó a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an aistriú glas a aithint. Dá bhrí sin, tá sé á chur i bhfios go láidir ag CESE go bhfuil géarghá le tacú le MFBManna tuiscint a fháil ar an aistriú glas agus é a bhainistiú ar an mbealach is fearr is féidir.

1.3. Tá CESE ag iarraidh bearta forleathana agus spriocdhírithe faisnéise agus múscailte feasachta, a chuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit ar fáil ar bhealach comhordaithe agus comhlántach, in éineacht le heagraíochtaí gnó, comhlachais trádála, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile.

1.4. Tá CESE ag iarraidh freisin go mbeidh clár cuimsitheach ann a bheidh dírithe ar thacú le MFBManna agus iad ag tabhairt aghaidh ar na saincheisteanna ar fad a bhaineann lena gcuid oibríochtaí gnó agus a gcuid gníomhaíochtaí chun iad féin a dhéanamh glas agus chun an reachtaíocht a chomhlíonadh. Ós rud é go bhfuil difríochtaí móra idir na MFBManna, tá gá le réitigh atá an-oiriúnaithe agus le beartais agus bearta spriocdhírithe.

1.5. Tá tacaíocht ghearrthéarmach spriocdhírithe láithreach ríthábhachtach do MFBManna chun borradh a chur faoina dtéarnamh eacnamaíoch ón bpaindéim agus chun cabhrú leo na himpleachtaí a bhaineann le hionradh na Rúise ar an Úcráin a bhainistiú, amhail praghsanna arda fuinnimh agus easpa ábhar agus táirgí. De bharr na n-imthosca urghnácha, measann CESE gur cheart le himeacht ama solúbthacht chuí a thabhairt i dtaca le sceidil an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip (EGD) agus gur cheart leanúint leis sin go dtí deireadh na géarchéime, agus é á áirithiú san am céanna nach gcuirfear deireadh leis na cuspóirí ar chúis ar bith.

1.6. Chun éifeachtúlacht acmhainní MFBManna a fheabhsú, molann CESE "moil chiorclaíochta" a bhunú i réigiúin éagsúla. Ba cheart dó sin feabhas a chur ar an gcomhar idir cuideachtaí ar fud earnálacha agus forbairt cleachtas agus próiseas nua a éascú, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nua a léiriú. Ba cheart eagraíochtaí MFBM, comhlachais trádála, an saol acadúil, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile a bheith mar dhlúthchuid den phróiseas.

1.7. Creideann CESE go bhfuil sé tábhachtach ionadaithe MFBM a rannpháirtiú in ullmhú treochlár earnála maidir le gníomhú ar son na haeráide ar an leibhéal náisiúnta, chomh maith le conairí aistrithe ar leibhéal an Aontais a mhúnlú d'éiceachórais éagsúla ghnó, agus, ar an gcaoi sin, eolas a fheabhsú maidir le dea-chleachtais a chomhroinnt, acmhainní a leithdháileadh mar is cuí agus cur chun feidhme éifeachtúil.

1.8. Tá CESE ag iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit dlús a chur le hinfheistíochtaí glasa MFBManna trí thimpeallacht rialála chumasúcháin atá intuartha agus spreagúil a áirithiú, lena n-áirítear nósanna imeachta rianúla ceada agus lena ndéantar dualgais iomarcacha riaracháin a sheachaint, agus trí rochtain thapa, éasca, shimplí agus inrianaithe ar mhaoiniú a chur ar fáil, agus é oiriúnaithe do riachtanais éagsúla na ngrúpaí éagsúla uile MFBManna.

1.9. Tá CESE ag iarraidh go mbeidh dlúthchomhar idir soláthraithe oideachais agus MFBManna maidir le hoiliúint a mhúnlú chun na hinniúlachtaí agus na scileanna is gá san aistriú glas a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí uasoiliúint agus athoiliúint a chur ar na fostaithe agus na fiontraithe araon. Ina theannta sin, tá CESE ag iarraidh go dtacófar le gníomhaíochtaí nuálaíochta do MFBManna trí chomhar le gnólachtaí eile, lena n-eagraíochtaí, le comhlachais trádála, le hollscoileanna agus le heagraíochtaí taighde a dhreasú agus a éascú.

1.10. Áitíonn CESE trádáil a chur chun cinn i réitigh ghlasa arna dtáirgeadh ag MFBManna, lena n-áirítear i gcomhthéacs an tsoláthair phoiblí, trí chothroime iomaíochta a chur ar fáil do MFBManna sa mhargadh aonair agus tríd an rochtain atá acu ar mhargaí eachtracha a éascú do tháirgí glasa, teicneolaíochtaí glasa agus seirbhísí glasa. Ní mór timpeallacht iomaíoch ghnó a áirithiú d'fhiontair an Aontais i ndáil le tríú tíortha, agus leas á bhaint as gach modh taidhleoireachta, lena n-áirítear i réimsí an bheartais aeráide, acmhainní agus trádála, agus aird ar leith á tabhairt ar iarrachtaí ón tSín agus ó mhargaí eile atá ag teacht chun cinn.

2. **An t-aistriú glas agus MFBManna**

2.1. Cuireann MFBManna le geilleagar inbhuanaithe ina gcruthaítear a lán post. Cuireann siad ar chumas ár sochaithe seasamh le chéile, agus feidhmeanna eacnamaíocha agus sóisialta á gcur le chéile acu go minic. Tríd an méid sin a dhéanamh, neartaítear bunsraith an daonlathais, na haontachta agus na cuimsitheachta. Tá siad ríthábhachtach don téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta agus don rathúnas, agus iad fréamhaithe i ngach cearn den Aontas agus go háirithe i gceantair iargúlta agus i gceantair thuaithe, áit ar minic gurb iadsan amháin a chruthaíonn gníomhaíocht eacnamaíoch.

2.2. Is é an t-athrú aeráide is cúis leis an aistriú inbhuanaithe fuinnimh, ach – rud ní ba shuntasaí – is é is cúis freisin leis an ngeilleagar agus an tsochaí ina iomláine bheith ag dul i dtreo na haeráidneodrachta, na ciorclaíochta agus na hinbhuanaitheachta foriomláine. Cruthaíonn sé feiniméin adhaimsire agus tubaistí nádúrtha, agus tá baint aige le mórdhúshláin chomhshaoil eile amhail cailliúint na bithéagsúlachta, truailliú an chomhshaoil agus díghrádú acmhainní nádúrtha.

2.3. Díríonn an pacáiste "Oiriúnach do 55" go sonrach ar an athrú aeráide a mhaolú agus áirítear roinnt mhaith píosaí reachtaíochta ann a mbíonn tionchar acu ar MFBManna ar bhealaí éagsúla. Tá sé mar chuid de chur chun feidhme thionscnamh suaitheanta an Aontais – An Comhaontú Glas don Eoraip – a thugann aghaidh ar fhás inbhuanaithe a bhaineann le tionscail, trádáil, seirbhísí agus fuinneamh, iompar, foirgnimh agus córais bhia. Tá ról ríthábhachtach ag MFBManna sna hearnálacha sin ar fad.

2.4. Is cuid ríthábhachtach iad MFBManna den réiteach chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme, ar choinníoll go gcruthófar agus go dtabharfar tús áite do na dálaí cearta. Cruthaítear an tionchar dearfach sin, ar thaobh amháin, trí fheabhsuithe ar fheidhmíocht raon leathan MFBManna, agus ar an taobh eile trí ghníomhaíochtaí na MFBManna sin, trí shaineolas agus réitigh a sholáthar d'fhiontair eile, do shaoránaigh agus don earnáil phoiblí.

2.5. Tá dlúthnasc idir an t-aistriú glas agus an claochlú digiteach, agus ní mór do MFBManna an dá chuid den dá aistriú sin a bhainistiú – dúshlán dúbailte atá ann mar gheall ar an ngá suntasach le hacmhainní. Is uirlis í an digiteáil chun éifeachtúlacht na n-oibríochtaí gnó a fheabhsú, chun cuidiú le leathnú chuig margaí nua agus le hidirnáisiúnú, agus d'fhéadfadh sé astaíochtaí, dramhaíl agus úsáid acmhainní nádúrtha a laghdú go mór. Bíodh sin mar ata, bíonn tionchair chomhshaoil ag seirbhísí agus trealamh digiteach freisin agus ní mór iad a bhainistiú go comhuaineach.

2.6. Chomh maith le hiarracht a dhéanamh an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach, tá MFBManna ag streachailt leis an téarnamh eacnamaíoch ón bpaindéim agus leis na himpleachtaí a bhaineann le hionradh na Rúise ar an Úcráin. Tá praghsanna arda fuinnimh agus easpa ábhar agus táirgí i measc na saincheisteanna a tháinig chun cinn le déanaí a bhfuil tionchar suntasach acu ar MFBManna agus ar a ngnó. Cuirtear a n-iomaíochas, chomh maith le hiomaíochas foriomlán gheilleagar an Aontais, i mbaol tuilleadh mar gheall ar iarrachtaí tobanna na Síne agus margaí eile atá ag teacht chun cinn, a bhfuil sé de bhuntáiste acu freisin nach gcuireann siad smachtbhannaí i bhfeidhm i gcoinne na Rúise agus go gcuireann siad ceanglais aeráide agus chomhshaoil níos ísle i bhfeidhm.

2.7. Ní hamháin go mbaineann saincheisteanna aeráide agus comhshaoil le hinbhuanaitheacht an chomhshaoil ach is cuid riachtanach iad freisin d'iomaíochas, de bhrabúsacht agus d'fheidhmíocht eacnamaíoch fhoriomlán fiontar. Chomh maith le bheith ag brath ar a luachanna féin agus ar a gcoinsiasaí ginearálta, comhlíonann MFBManna riachtanais agus ionchais aeráide agus chomhshaoil trí shásraí éagsúla, amhail:

— ceanglais dhíreacha an chreata rialála do MFBManna, e.g. maidir le hastaíochtaí, fuinneamh, ábhair agus táirgí, nó oibleagáidí riaracháin,

— éifeachtaí indíreacha roinnt ceanglas, a bhfuil tionchar acu ar infhaighteacht agus ar phraghsanna tosca táirgeachta amhail fuinneamh agus ábhair, nó trí chostais eile a bhaineann le gnó a reáchtáil, lena n-áirítear cánachas,

— ceanglais trí na slabhraí luacha i bhfoirm ionchais custaiméirí, infheisteoirí agus airgeadaithe, amhail iad siúd a bhaineann le maoiniú agus tuairisciú inbhuanaithe, nó trí ionchais geallsealbhóirí eile.

2.8. Is iomaí MFBM nach bhfuil go hiomlán ar an eolas faoi na tionchair a bhíonn ag beartais shonracha aeráide agus comhshaoil agus ag ceanglais shonracha ar a ngnólachtaí agus ar a slabhraí soláthair agus luacha ná faoin gcaoi le táirgí agus seirbhísí a oiriúnú nó a thiontú luath a dhóthain chun caillteanais ina dhiaidh sin, nó fiú eisiamh margaidh, a chosc. Thairis sin, bíonn orthu aghaidh a thabhairt ar acmhainní teoranta daonna agus airgeadais dá n-oibríochtaí laethúla agus d'fhorbairt a ngníomhaíochtaí, agus bíonn an baol ann, mar gheall ar a méid teoranta, go mbeidh raon scileanna róleathan ag teastáil uathu. Tá deacrachtaí ag sciar suntasach d'fhiontair mar gheall ar chastacht na bpíosaí reachtaíochta a bhíonn ag síorathrú, ualaí riaracháin, rialacha airgeadais agus ardchostas, easpa saineolas agus eolas áirithe ar an gcomhshaol chun na gníomhartha cearta a roghnú [1], mar aon le deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar shlabhraí luacha nua, maoiniú, earcaíocht, agus samhlacha nua gnó, i measc nithe eile.

2.9. Ní hamháin gur dúshlán tábhachtach é an easpa feasachta maidir le ceanglais agus na bealaí chun freagairt dóibh, ach is dúshlán tábhachtach freisin iad na deacrachtaí a bhaineann le buntáistí agus deiseanna gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, amhail laghdú ar chostais fuinnimh agus ábhair, rochtain níos fearr ar mhaoiniú, éileamh níos airde agus margaí nua, agus íomhá fheabhsaithe i measc geallsealbhóirí.

---

[1] Sonraí ó shuirbhé flais-Eorabharaiméadair 498. FBManna, margaí glasa agus tuarascáil maidir le héifeachtúlacht acmhainní, lch. 46, Márta 2022.

2.10. Maidir le MFBManna a bhfuil tairiscint um luach gnó acu sa gheilleagar ciorclach, san aeráid, sa bhithéagsúlacht, san fhuinneamh in-athnuaite agus i dtéamaí eile an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, tá dreasacht bhunúsach acu chun deiseanna nua gnó sna réimsí sin a fhiosrú, a shaothrú agus infheistíocht a dhéanamh iontu. Tá neart deiseanna acu, e.g. in athchóiriú foirgneamh, i bpleanáil agus i dtógáil bonneagair, i dtáirgeadh tionsclaíoch agus i gcothabháil trealaimh, i soláthar seirbhísí dlí agus cuntasaíochta, agus i bhforbairt réiteach digiteach. Braitheann an próiseas aistrithe cuid mhór ar a gcuid réiteach cliste, arna nginiúint ag na saineolaithe a earcaíonn siad, rud a chuireann béim ar an tábhacht a bhaineann le hoideachas ardcháilíochta agus ábhartha, le gairmoideachas agus gairmoiliúint agus le huas-sciliú leanúnach.

2.11. Is é an grúpa MFBManna is leochailí, arb é an grúpa is mó a bhfuil gá aige le faisnéis é freisin, an grúpa céanna a chreideann nach bhfuil sa Chomhaontú Glas don Eoraip ach píosa breise reachtaíochta a chuireann le hualaí carnacha riaracháin, a chuireann a samhlacha gnó reatha faoi bhrú, agus a chuireann srian ar an mbrabúsacht i gcás "gnó mar is gnách". Léiríonn sé sin go bhfuil tacaíocht éagsúil atá dírithe go sonrach orthu de dhíth ar chuile chatagóir MFBM, bídís ag titim chun deiridh, ina lucht leanúna nó ina gceannairí ([2]).

2.12. Thairis sin, ó thaobh acmhainneachta agus ullmhachta de, tá roinnt mhaith difríochtaí idir MFBManna ó thaobh chineál agus mhéid na saincheisteanna aeráide agus comhshaoil, ó thaobh na gceanglas agus na n-ionchas atá dírithe orthu, agus ó thaobh na ndeiseanna a chuirtear ar fáil dóibh. Tosca éagsúla is cúis leis na difríochtaí: déine acmhainní nádúrtha an ghnó, méid an fhiontair, staid an fhiontair i slabhraí soláthair agus in éiceachórais ghnó, suíomh an fhiontair, na cineálacha custaiméirí, foinsí na dtosca táirgeachta, agus margaí geografacha an fhiontair.

2.13. Chuige sin, tá gá le réitigh an-oiriúnaithe agus le beartais agus bearta dea-spriocdhírithe a chuireann san áireamh na difríochtaí idir fiontair mheánmhéide i dtionscail déantúsaíochta, fiontair a oibríonn san earnáil fáilteachais agus san earnáil miondíola, gnólachtaí teaghlaigh agus traidisiúnta, gnólachtaí nuathionscanta nuálacha, fiontair an gheilleagair shóisialta, lucht ceardaíochta agus na gairmeacha liobrálacha.

2.14. In ainneoin na ndifríochtaí iomadúla atá idir MFBManna, is iad feasacht agus eolas cuí ar shaincheisteanna agus treochtaí reatha is bunús le bainistiú rathúil an aistrithe ghlais i ngach fiontar. Fágann sin gur féidir leo láidreachtaí, laigí, deiseanna agus rioscaí na bhfiontar a thuiscint, agus an seasamh is mian leo a ghlacadh san aistriú glas a chinneadh.

2.15. Baineann na hiarrachtaí is nithiúla ar leibhéal na fiontraíochta le pleanáil, eagrú agus faireachán a dhéanamh ar an ngnó foriomlán, lena n-áirítear táirgeadh agus trádáil earraí agus seirbhísí, iompar agus lóistíocht, agus soláthar fuinnimh, amhábhar agus tosca táirgeachta eile. Tá gnéithe aeráide agus comhshaoil ina ngné lárnach freisin de ghníomhaíochtaí nuálaíochta, i bhforbairt scileanna agus rannpháirtíocht an phearsanra uile, agus i gcumarsáid agus i gcomhar le geallsealbhóirí.

3. **Beartais agus bearta chun tacú le MFBManna faoin bpacáiste "Oiriúnach do 55"**

3.1. D'fhonn freagairt do "Oiriúnach do 55" agus an t-aistriú glas a chur i gcrích go rathúil, ní mór do MFBManna a bheith go hiomlán ar an eolas faoi impleachtaí na dtograí reachtacha nua agus casta, agus ní mór é a éascú dóibh tuiscint níos fearr a fháil orthu ([3]). Chuige sin, tá gá le faisnéis fhadréimseach agus spriocdhírithe agus bearta múscailte feasachta, arna soláthar ar bhealach comhordaithe agus comhlántach ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit, a bhfuil freagracht ríthábhachtach orthu ina leith sin. Tá ról lárnach ag eagraíochtaí gnó agus ag comhlachais trádála maidir lena mbaill a chur ar an eolas agus tacú leo, arna gcomhlánú ag soláthraithe oideachais agus oiliúna, oifigí forbartha réigiúnacha, eagraíochtaí braisle, comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta.

3.1.1. Mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, tá beartais an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip faoi chomhairliúchán oscailte anois a mhéid a bhaineann le sceidil mar gheall ar na cúinsí urghnácha nua, agus maidir le spleáchas an Aontais ar fhuinneamh agus ar bhia ón Rúis agus ón Úcráin. Aithníonn CESE na himthosca urghnácha agus na spleáchais, agus measann sé nár cheart deireadh a chur leis na cuspóirí glasa ar chúis ar bith, ach gur cheart le himeacht ama solúbthacht chuí a thabhairt go dtí deireadh na géarchéime.

([2]) Smit, S.J., *SME focus – Long-term strategy for the European industrial future*, Roinn Beartais PE um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, PE 648.776 – Aibreán 2020.

([3]) Cuimsíonn an pacáiste "Oiriúnach do 55" raon leathan tionscnamh reachtach, ina bhfuil an cinneadh deiridh faoi réir idirbheartaíochta idir na hinstitiúidí. Go dtí go mbeidh an próiseas sin curtha i gcrích, ní féidir le MFBManna ach faisnéis pháirteach a leanúint agus beidh éiginnteacht i ndán dóibh don todhchaí.

3.1.2. Chomh maith leis an measúnú tionchair iomchuí ar na tionscnaimh reachtacha ar fad, tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún treoir chuimsitheach shoiléir gan débhrí a chur ar fáil maidir leis na ceanglais aeráide ar fad atá ann cheana agus atá ar na bacáin agus maidir leis na himpleachtaí a bheidh acu ar MFBManna, agus ar cheart an méid seo a leanas a chuimsiú ann:

— na ceanglais nó na srianta díreacha le haghaidh MFBManna a leagtar síos sna píosaí éagsúla reachtaíochta, arna miondealú de réir cineálacha agus catagóirí éagsúla fiontar (earnáil, méid, etc.),

— na tionchair indíreacha ar MFBManna i ngeall ar na ceanglais atá dírithe ar chuideachtaí móra, a mbeifear ag súil leo trí shásraí margaidh.

3.1.3. Tá CESE ag iarraidh go n-ullmhófaí freisin treoir chomhfhreagrach maidir le reachtaíocht i dtaca le saincheisteanna móra eile a bhaineann leis an gcomhshaol. Ar bhonn níos ginearálta, ba cheart treoir den chineál sin a chur ar fáil mar chleachtas rialta agus iad a bheith ag gabháil le haon tionscnamh amach anseo i réimse an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Teastaíonn creat cobhsaí reachtaíochta ó MFBManna ina dtugtar peirspictíochtaí soiléire agus pleanáil shoiléir le haghaidh a gcuid infheistíochtaí. Dá bhrí sin, ní mór athruithe tobanna, amhail an t-athrú a rinneadh le déanaí ar na spriocanna maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh agus maidir le héifeachtúlacht fuinnimh atá molta sa phlean REPowerEU, a sheachaint toisc go gcuireann siad isteach níos mó ar thimpeallacht atá fíorchasta agus neamhchinnte cheana féin.

3.2. I bhfianaise raon feidhme leathan agus dhoimhneacht an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, tá sé beartaithe go mbeidh claochlú tionsclaíoch iomlán ann. Agus an prionsabal "tús áite d'fhiontair bheaga" á leanúint, agus chun nach rachaidh na MFBManna as gnó, tá gá le tacaíocht chuimsitheach leathan agus clár forbartha cumais. Is é an aidhm a bheadh ann tacú le MFBManna leis na saincheisteanna ar fad a bhíonn os a gcomhair agus iad i mbun a gcuid oibríochtaí gnó agus a gcuid gníomhaíochtaí gnó agus an reachtaíocht á glasú agus á comhlíonadh acu.

3.2.1. Feictear do CESE go bhfuil suim mhór ann, mar atá luaite ag an gCoimisiún agus an Pharlaimint, chun cur leis na tionscnaimh atá i bhfeidhm cheana féin chun an straitéis FBM a chur chun cinn agus féachaint ar bhealaí eile chun an straitéis a chur i gcrích go rathúil. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfar an leas sin a fhí isteach go héifeachtach sna beartais i ngach réimse is féidir, agus tá sé á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról fíor-riachtanach ag na Ballstáit, a oibreoidh i gcomhar le heagraíochtaí MFBManna, le comhlachais trádála, le comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí ábhartha eile.

3.2.2. Is ar fhiontraithe óga a bhraithfidh fás MFBManna agus cruthú post amach anseo. Dá bhrí sin, ní mór aitheantas níos fearr a thabhairt, cuir i gcás sna pleananna téarnaimh, ar an gcaoi a bhfuil siad dírithe ar thomhaltóirí, ar a tharraingtí atá siad d'fhostaithe óga, agus ar an mbéim bhreise a chuirtear ar an aistriú glas, agus ní mór aghaidh a thabhairt ar na nithe sin. Thairis sin, chun leas a bhaint as acmhainneacht iomlán na sochaí ina hiomláine agus chun éagsúlacht i ngnólachtaí a fheabhsú, ní mór deireadh a chur le haon bhacainní ar fhiontraíocht na mban. Ní mór meon fiontraíochta na ngrúpaí leochaileacha uile, amhail daoine faoi mhíchumas, imircigh agus pobail mhionlaigh, a spreagadh agus a chur chun cinn freisin.

3.2.3. D'fhonn feabhas a chur ar shineirgí dhigiteáil agus ghlasú MFBManna, ní mór an dá threocht sin a mheas go comhuaineach agus beartais agus bearta á múnlú. Ós rud é nach mbaineann an t-aistriú glas ná an t-aistriú digiteach ach le cúrsaí teicniúla nó airgeadais, ní mór dul i ngleic le mórcheisteanna pearsanta agus gnó chun go mbeidh tromlach na MFBManna in ann an dá aistriú a ghlacadh a bheidh fadtéarmach agus a sheasfaidh an aimsir ([4]).

3.2.4. Tá CESE ag iarraidh freisin ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar na héifeachtaí a bhíonn ag cur chun feidhme an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh i dtéarmaí na slabhraí soláthair agus luacha, agus na bhforbairtí réigiúnacha eacnamaíocha agus sochaíocha faoi seach chun go mbeifear in ann gníomhú go luath i gcoinne na n-éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann do MFBManna agus don fhostaíocht.

3.3. D'fhonn tacú le forbairt oibríochtaí gnó laethúla na MFBManna, amhail táirgeadh earraí agus seirbhísí, táirgeadh agus úsáid fuinnimh agus eagrú lóistíochta, ní mór soláthar cuí de sheirbhísí comhairleacha praiticiúla agus ardáin chomhair a bheith ar fáil.

3.3.1. Tá CESE ag iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit seirbhísí tacaíochta teicneolaíochta agus bainistíochta a fhorbairt agus a chur chun cinn do MFBManna, agus acmhainneacht iomlán na n-ionstraimí éagsúla á cur chun feidhme, go háirithe i gcur chun feidhme na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta agus na gComhaontuithe Comhpháirtíochta. Beidh sé d'aidhm aige sin cuidiú le fiontair éifeachtúlacht fuinnimh agus ábhair a fheabhsú, agus giniúint astaíochtaí agus dramhaíola a laghdú, chun costais agus tionchair chomhshaoil araon a íoslaghdú. Tá CESE ag iarraidh freisin go gcomhtháthófar gnéithe comhshaoil sna seirbhísí comhairleacha sa réimse digiteach.

([4]) *SME focus*, Roinn Beartais PE, Aibreán 2020.

3.3.2. Chun éifeachtúlacht acmhainní MFBManna a fheabhsú, molann CESE "moil chiorclaíochta" a bhunú i réigiúin éagsúla. Leis sin, ba cheart feabhas a chur ar an gcomhar idir cuideachtaí ar fud earnálacha agus forbairt próiseas nua a éascú maidir le dramhaíl agus seachtháirgí a athchúrsáil agus a athúsáid, lena n-áirítear léiriú teicneolaíochtaí nua.

3.3.3. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfar MFBManna agus ionadaithe MFBManna a rannpháirtiú in ullmhú treochlár earnála maidir le gníomhú ar son na haeráide ar an leibhéal náisiúnta, chomh maith le conairí aistrithe ar leibhéal an Aontais a mhúnlú d'éiceachórais éagsúla ghnó, agus, ar an gcaoi sin, eolas a fheabhsú maidir le dea-chleachtais a chomhroinnt, acmhainní a leithdháileadh mar is cuí agus cur chun feidhme éifeachtúil.

3.4. D'fhonn feabhas a chur ar an infheistíocht i nglasú MFBManna, an gheilleagair agus na sochaí ina hiomláine, agus chun tacú leis an infheistíocht sin, ní mór timpeallacht fhabhrach infheistíochta a áirithiú maille leis na dálaí is gá le go mbeidh rochtain cheart ag MFBManna ar mhaoiniú.

3.4.1. Tá CESE ag iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit dlús a chur le hinfheistíochtaí MFBManna tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

— timpeallacht rialála chumasúcháin atá spreagúil a áirithiú lena n-áirítear nósanna imeachta ceada atá gearr agus simplithe agus lena seachnaítear ualach na ndualgas riaracháin,

— rochtain thapa, éasca, shimplí agus inrianaithe ar mhaoiniú a chur ar fáil, ar rochtain í atá saincheaptha do riachtanais éagsúla MFBManna mar gheall ar a nádúr, a ngníomhaíocht, a suíomh, a n-earnáil, etc., lena n-áirítear trí ionstraimí deontais spriocdhírithe.

3.4.2. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún aird chuí a thabhairt ar an tionchar indíreach a bhíonn ag critéir an airgeadais inbhuanaithe ar MFBManna. Is amhlaidh atá i gcás na gceanglas sócmhainneachta do bhainc agus aon bhearta beartais eile i réimsí an bheartais eacnamaíoch agus fhioscaigh a bhfuil tionchar indíreach acu ar chumas MFBManna infheistiú agus oibriú, rud a chruthaíonn poist agus a choinníonn poist.

3.4.3. Tá CESE ag iarraidh go gcloífí le rialacha na hiomaíochta fónta agus cistiú poiblí á leithdháileadh le haghaidh infheistíochtaí glasa. Tá béim á leagan ag CESE freisin ar an ngá atá le faireachán a dhéanamh le táscairí iomchuí ar na sreafaí airgeadais. Tá sé tábhachtach rochtain chomhionann a thabhairt do MFBManna ar sholáthar poiblí agus ar infheistíocht phoiblí, e.g. i mbonneagar ginearálta, chomh maith le hinfheistíocht a spreagadh i nglasú MFBManna iad féin, e.g. trí chistiú poiblí a úsáid mar ghiaráil le haghaidh infheistíocht phríobháideach.

3.4.4. I bhfianaise na bhforbairtí a tharla le déanaí sna margaí fuinnimh, d'aithin an Coimisiún leochaileacht MFBManna mar thoradh ar bhaol méadaitheach na bochtaineachta fuinnimh ([5]). Is díol sásaimh do CESE an sainmhíniú ar "micrifhiontair leochaileacha", agus tá sé ag iarraidh go ndéanfar iarracht bhreise tacaíocht ábhartha a chur ar fáil dóibh chun dul i ngleic leis an ualach sin.

3.5. Tá CESE ag iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit feabhas a chur ar thrádáil i réitigh ghlasa arna bhforbairt ag MFBManna trí dhálaí cearta margaidh a fhorbairt agus a áirithiú, ar dálaí iad a dhéanann na nithe seo a leanas,

— cothroime iomaíochta a chur ar fáil do MFBManna sa mhargadh aonair, ó thaobh trádáil táirgí, teicneolaíochtaí agus seirbhísí a chuireann leis an aistriú glas,

— a áirithiú go dtabharfar rochtain chuí do MFBManna chun réitigh ghlasa a sholáthar don earnáil phoiblí i gcomhthéacs tairiscintí a bhaineann, mar shampla, le tógáil, teicneolaíochtaí agus seirbhísí. Is gá nósanna imeachta cáilíochta a dhéanamh éigeantach le haghaidh seirbhísí den sórt sin, agus laghdú a dhéanamh ar cheanglais acmhainneachta a chuireann bac ar MFBManna páirt a ghlacadh i nósanna imeachta soláthair phoiblí,

— rochtain chomhionann ar mhargaí eachtracha a éascú do tháirgí glasa, do theicneolaíochtaí glasa agus do sheirbhísí glasa ag MFBManna, trí bhíthin comhaontuithe trádála iltaobhacha agus déthaobhacha. Spreagann CESE na Ballstáit freisin aird chuí a thabhairt ar riachtanais MFBManna ina gcuid gníomhaíochtaí maidir le honnmhairiú a chur chun cinn,

— timpeallacht iomaíoch ghnó a áirithiú d'fhiontair an Aontais i ndáil le tríú tíortha, agus gach modh taidhleoireachta á úsáid, lena n-áirítear i réimsí an bheartais aeráide, acmhainní agus trádála. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an tSín agus ar mhargaí eile atá ag teacht chun cinn, trí fhreagraí solúbtha comhordaithe a thabhairt ar a n-iarrachtaí tobanna,

— a áirithiú go ndréachtófar caighdeáin lena gcuirtear an t-aistriú glas chun cinn ar bhealach atá fabhrach do MFBManna, agus go gcumasófar an nuálaíocht trí réitigh mhalartacha choibhéiseacha a fhorfheidhmiú.

([5]) COM(2021) 568 final, 14.7.2021. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52021PC0568.

3.6. Chun ról MFBManna a neartú maidir le réitigh ghlasa nua a fhorbairt le haghaidh gnólachtaí, tomhaltóirí agus an tsochaí i gcoitinne, tá an méid seo a leanas á iarraidh ag CESE,

— go mbeidh na cláir agus na tionscnaimh nuálaíochta éagsúla níos sothuigthe agus níos inrochtana do MFBManna, agus gur cheart treoir a chur ar fáil maidir le hionstraimí cistiúcháin éagsúla atá ar fáil i réimse na nuálaíochta glaise, lena n-áirítear uirlisí an Chiste Eorpaigh Infheistíochta,

— gur cheart rochtain MFBManna ar éiceachórais nuálaíochta agus comhpháirtíochtaí le cuideachtaí móra ceannródaíocha a chur chun cinn leis an maoiniú. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit comhar a éascú idir MFBManna, ollscoileanna agus eagraíochtaí taighde chun táirgí, teicneolaíochtaí agus réitigh nua a fhorbairt,

— gur cheart dlús a chur le forbairt spásanna coiteanna sonraí agus rochtain orthu a éascú do MFBManna, d'fhonn rannchuidiú le réitigh nua ghlasa agus dhigiteacha a fhorbairt, lena n-áirítear réitigh atá bunaithe ar an intleacht shaorga.

3.7. D'fhonn a áirithiú go mbeidh na scileanna cuí chun gnólachtaí a fhorbairt agus a reáchtáil i gcomhréir leis an aistriú glas ([6]), tá an méid seo a leanas á iarraidh ag CESE,

— a áirithiú go gcuirfear san áireamh go hiomlán i gcuraclaim an ghairmoideachais agus na staidéar ollscoile agus i gcur chuige na forbartha gairmiúla leanúnaí (CDP) na hinniúlachtaí agus na scileanna is gá san aistriú glas, ag díriú ar phróiseas níos leithne glasaithe post agus ar an idirspleáchas idir earnálacha,

— dlúthchomhar a spreagadh idir soláthraithe oideachais agus MFBManna chun soláthar na hoiliúna a mhúnlú, lena n-áirítear modúil agus micreachúrsaí is infheidhme maidir le huasoiliúint, chun riachtanais na bhfiontar a chomhlíonadh,

— leas a bhaint as an idirphlé sóisialta chun riachtanais a shainaithint agus chun scileanna a fhorbairt san ionad oibre. I bhfianaise mhéid agus éagsúlacht MFBManna agus na sainiúlachtaí a bhaineann le córais náisiúnta éagsúla, tá modhanna éagsúla i gceist leis an idirphlé sóisialta agus leis an gcomhoibriú idir fostóirí agus fostaithe in MFBManna.

3.8. Tá CESE ag iarraidh go gcruthófaí táscairí cuí agus uirlisí praiticiúla a chuideoidh le faireachán córasach a dhéanamh ar oibríochtaí agus ar thionchair na bhfiontar i ndáil leis an aistriú glas. Ba cheart leas a bhaint as sin freisin chun cumarsáid a dhéanamh leis an réimse leathan geallsealbhóirí. Idir an dá linn, tá CESE ag iarraidh ar lucht ceaptha beartas an Aontais staonadh ó oibleagáidí troma tuairiscithe a leagan síos do MFBManna, agus meastóireacht a dhéanamh freisin ar na himpleachtaí indíreacha do MFBManna mar gheall ar na ceanglais tuairiscithe atá dírithe ar chuideachtaí móra.

4. **Barúlacha sonracha faoi ghairmeacha liobrálacha, faoin lucht ceardaíochta agus faoi fhiontair an gheilleagair shóisialta**

4.1. D'fhonn aistriú éiceolaíoch cothrom a áirithiú nach bhfágann aon duine ar lár, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí beartais an Aontais a fhoirmliú agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an trádáil agus ar cheirdeanna á gcur san áireamh. Go deimhin, tá na gníomhaithe eacnamaíocha sin tábhachtach do gheilleagair áitiúla, agus earraí agus seirbhísí riachtanacha á soláthar acu atá curtha in oiriúint do riachtanais na dtomhaltóirí, fiú i gceantair gheografacha nach bhfuil nasctha le lárionaid uirbeacha. Trí idirphlé lena n-ionadaithe, amhail eagraíochtaí gnó agus comhlachais tráchtála, is féidir cinntí beartais stuama a dhéanamh ina gcuirtear san áireamh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar an láthair.

4.2. Tá saineolas gairmiúil neamhspleách ag teastáil chun teacht ar réitigh nuálacha bharrfheabhsaithe ar an athrú aeráide agus ar dhúshláin chomhshaoil eile. Freagraíonn gairmithe liobrálacha don riachtanas sin i réimsí éagsúla den gheilleagar agus den tsochaí trí shaineolas agus comhairle theicniúil, dhlíthiúil, airgeadais agus neamhairgeadais a chur ar fáil. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfar bearta uile-Aontais lena ndreasófar na Ballstáit chun rialacháin ghairmiúla a chur chun cinn d'fhonn cur chun feidhme iomchuí an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh a áirithiú, e.g. i gcur chuige teicniúil casta ionas go gcuirfear na réitigh is nuálaí agus is mó atá faoi thionchar an mhargaidh chun cinn.

4.3. Is féidir inbhuanaitheacht na pleanála spásúlachta áitiúla agus réigiúnacha a mhéadú trí sheirbhísí comhairleacha do bhardais a fheabhsú. Tá sé tábhachtach freisin tuilleadh forbartha a dhéanamh ar choincheap an mheasúnaithe straitéisigh chomhshaoil i dtreo mheasúnú na hinbhuanaitheachta (éiceolaíoch, eacnamaíoch agus sóisialta). Ba cheart do nósanna imeachta soláthair phoiblí ar fud an Aontais critéir aeráide agus critéir cáilíochta eile a chur i bhfeidhm, agus tríd an méid sin nuálaíocht MFBManna a chur chun cinn agus a rochtain ar thionscadail a éascú, go háirithe i réimse na seirbhísí pleanála.

([6]) I gcomhréir freisin le IO C 56,

4.4. Tá teicnící, táirgí agus próisis nua ag teastáil don aistriú chuig geilleagar ciorclach. Mar shampla, in earnáil na tógála, ní mór dramhaíl tógála agus athchóirithe a athchúrsáil, eilimintí a athúsáid, agus ábhair thógála nua a thabhairt isteach, lena n-áirítear aitheantas a thabhairt d'ábhair thánaisteacha thógála atá ar cháilíocht dhearbhaithe, agus dlúthchomhar idir táirgeoirí, lucht ceardaíochta, na gairmithe agus an tionscal athchúrsála. Ní mór slabhraí luacha réigiúnacha agus braislí foirgnimh réigiúnacha a neartú freisin trí rannpháirtíocht an lucht ceardaíochta.

4.5. Is ionann go bunúsach na dúshláin chomhshaoil a bhaineann le fiontair an gheilleagair shóisialta agus na dúshláin a bhaineann le fiontair eile ó thaobh na saincheisteanna atá i gceist. Mar sin féin, ní mór dálaí sonracha na bhfiontar sin a bhreithniú go cuí i gcomhréir leis an iliomad tuairimí ó CESE. Is féidir sin a dhéanamh ach bearta spriocdhírithe a ghlacadh atá bunaithe ar phlean gníomhaíochta an Aontais maidir leis an ngeilleagar sóisialta a seoladh le déanaí.

An Bhruiséil, an 21 Meán Fómhair 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG